Gaoṫ Doḃair

Tá gairdeaċas mór fríd Gaoṫ Doḃair an tseaċtain seo agus cúis maiṫ leis. Tá ainm na paráiste seo in áirde arís de ṫairḃe Gaeilge agus Gaelaċas, agus craoḃ na tíre bainte amaċ acu dá uair.

I mBaile Áṫa Cliaṫ deireaḋ na seaċtaine ḃuaiġ cuid páistí Ḃun an Inḃir, faoi stiúrú Áine Nic Giolla Ḃríde, an Ċéad Áit in Éirinn, i bḟéile Drámaíoċta na Scol, le 97 marcanna as 100.

Nímíd comġáirdeas leo, agus tá an paráiste uilig bródúil agus mórtasaċ astu.

San am ċéanna, oíċe Dé Saṫairn seo caite, i mBaile Áṫa Cliaṫ, ḃuaiġ foireann ó Árd Scoil Ṁuire, Gaoṫ Doḃair, craoḃ na hÉireann fá ċoinne na meanscoltaċa, i ndíospóireaċt i nGaeilge.

Ní h-iontas ar biṫ seo do ḋuine ar biṫ a tógaḋ i nGaoṫ Doḃair. agus a ḃfuil fios aige gur i nGaoṫ Doḃair atá an comṫionóil labarṫa Gaeilge is mó in Éirinn, agus is fearr. San am ċéanna, is maiṫ an rud é ḃeiṫ le feiceáil ag an ṗobal, ag pobal na tíre, uilig, goidé mar tá.

Traoslaimíd do ṁuintir na hÁrdscoile agus do ṁuintir Ḃun an Inḃir, ċom maiṫ agus a d'éiriġ leo, agus do na gcuid múinteoirí as iad a ullṁú agus caḃrú leo.

Ḃí an-ċoiṁlint ar fad Dé Céadaoine na seaċtaine seo. ón 9 a' ċlog ar maidin go dtí a 10 a' ċlog tráṫnóna, fríd an ṗaráiste uilig, in obair an toġċáin. Ḃí oiḃriṫe amaċ go bríoṁar fá ċoinne na bPáirtiṫe agus ḃí neart carranna agus oibriṫe ag Fine Gael agus ag Fianna Fáil. San am ċéanna, ba le muintir Fianna Fáil ba ṁó a ḃí an díogras, nó ċuaiġ an scéala amaċ ar feaḋ na seaċtaine roiṁe go raiḃ fear Ġaoṫ Doḃair i ndainséar, agus ḃí sé soiléir go raiḃ Fine Gael ag déanaṁ iarraċt mór leis an suíoċán a ḃaint, agus gur suíoċán Ċormac Ó Ḃreisleáin a ċaillfí. Agus níor ṁaiṫ le aon duine i nGaoṫ Doḃair, is cuma cé'n ṗolaitíoċt a ḃí aige. é sin. Agus a ḃí a slioċt le feiceáil ar an ḃótáil. Ḃí ḃótáil iontaċ trom fríd an ṗaráiste anseo, agus ċuaiġ an ċuid is mó ar fad acu ċuig Cormac Ó Ḃreisleáin.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Tugaḋ tárrṫáil ḟónta ar ċaora agus a ḋá huan tráṫ ḃí siad i gcontúirt ṫíos ar ḟargán dinne céad-go-leiṫ troiġ os cionn farraige taoḃ ṫiar de ṗointe na Duiṁċe. Ba iad Mánus Eoin Mac Giolla Ċeara agus Séarlaí Mór Mac Ṗáidín a rinne an t-éaċt calma seo nuair a ċeangail siad dá-rópa-ualaiġ le ċéile. Ċuaiġ Mánus síos go faiċilleaċ gur ċas sé an téad ṫart fá ċorp na caoraċ agus ċoinniġ greim ar an dá uain i riṫ an ama. Tá an ṁáṫair agus a clann slán sáḃailte anois.

Tugaḋ fáinne geallṫanais pósta, a raiḃ cúig seoda fá ṡaiṗír ann ,tugaḋ sin do Ṁairéad Ní Ċaoṁánaiġ, as Conḃaí, a ḃfuil na seaċt n-aiṫne uirṫi mar ḟáilteoir-oifige in Óstán Ċarraig Airt. Ba é Tomás Mac Craiṫ, a ċónaíonn in Aċaḋ an Leaṫ-ṫí (agus a ḃfuil a ṁáṫair ag teagasc i scoil Ḃoṫ Ċuingí), ba éisean a ṫug an ḃronntanas taitneaṁaċ seo do Ṁairéad. Ní ḟios go fóill cén uair a ḃéas scéala níos suailcí fós le foilsiú. Stáṫseirḃíseaċ is ea Tomás, é ina ċigire tógála-tiṫe.

An ċéad lá don Aibreán, 1926 ḃí aonaċ i gCill Ṁic Néanáin, ⁊ ba Aoine an Ċéasta a ḃí ann, fosta. Aċ tá cuiṁne go fóill fá Loċ 's Alt ar an lá léanṁar seo, nuair a báiteaḋ Seán de Ḃaoise as Mín na Láraċ — baile beag seascair a raiḃ seaċt dtiṫe-cónaiṫe ann san am aċ naċ ḃfuil toiṫ le feiceáil ag dul ċun spéire i láṫair na huaire. Ḃí triúr acu ar a mbealaċ ċun an ḃaile ón aonaċ agus ainṁiṫe leo. Ċuaiġ bulán de ċuid Ṡeáin isteaċ sa loċ atá cois an ḃealaiġ-ṁóir ar feaḋ leaṫṁíle anseo. Fuair Seán ḃoċt iasaċt an ċapaill ó n-a ċoṁarsain agus isteaċ leis ar an tsnáṁ — aċ ṡleaṁnaiġ sé de ṁuin an ḃeiṫiġ agus cailleaḋ é. D'éiriġ leis an dá ainṁí a teaċt i dtír sáḃáilte.

Ċaiṫ Séamus de Ḃaoise, riartóir na deoċlainne in Óstán Ċarraig Airt, tamall de lá ag aṁránaíoċt agus ag aiṫriseoireaċt do ionadaí Coiṁlaċta Téipṫaifeadaiḋ (tape-recording) as an ċoigríċ, a ḃí ar lorg baileád áitiúil. Imeasc na n-aṁrán a ṫug Séamas uaiḋ, ḃí: "Contúirt Ċuan na Long," "Clábar Ḃroim a' Liastair" agus "An Sean Teaċ' ⁊rl. Tá sé iontaċ acṁainneaċ, fosta, ag gaḃáil de ṡíscéalta ⁊ ag cumaḋ finscéaltaċ.

Rann na Feirste

Oíċe Aoine seo caite ḃí scaipte maiṫ i láṫair ag na drámaí a taispeáin muintir Ḋoire anseo. B'é an tAṫair Ó Flaṫarta a ḃí mar léiriteoir agus ní raḃ duiṅe ar biṫ ar an ḃaile ó ḋuine liaṫ go leanḃ nar ṁaiṫ leis a ḃeiṫ ann ar an aḃar sin féin nó ḃí scoiṫ aiṫne againn uilig air mar macléinn iomlaṫaċ go leor ar tús ⁊ ariaṁ na ḋiaiḋ sin go raḃ sé na uaċtarán ar an Ċoláiste. Ba ṁaiṫ mar rinne muintir Ḋoire gnaiṫe leis an Stráinséar Duḃ ⁊ cuireaḋ spéis mór ann anseo. Agus fosta ní raḃ an nduine ann naċ raḃ anseo aroiṁe agus nar tóg a gcuid Gaeilge anseo.

"Dá mbeaḋ bocsa an ḃaile seo ṫall i nGlascú in ionad i lár an ḃaile ḃeaḋ i ḃfad níos mó de ḃótaí Rann na Feirste," adúirt fear as an ḃaile seo tráṫnóna Dia Ceadaoine seo caite le linn na ḃótála agus b'ḟíor do. Ḃí di ḃfeirġe ar an dá Páirtí aċ níor ḃ'é sin do luċt an ḃaile. Meastar go raḃ an méid ḃótaí a caiteaḋ rannta measara cotrom idir Cormac agus Pa.

TAOIDE BARRLÁN
Figiúirí fá 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
10-4-65	1.20	14.17	00.37	13.34	11.54	——
11	2.45	15.37	2.02	14.54	——	13.24
12	3.57	16.39	3.14	15.56	2.06	14.35
13	4.56	17.29	4.13	16.46	3.07	15.29
14	5.43	18.13	5.00	17.30	3.58	16.17
15	6.26	18.52	5.43	18.09	4.43	17.00
16	7.06	19.28	6.23	18.45	5.24	17.39

Céim Eile ar Ḃoṫar na Buaiḋe

Ḃuailfiḋ Tírċonaill Ciarraí Dé Doṁnaiġ

Tugaḋ céim eile ar ḃóṫar na buaiġe do na Conallaiġ, nuair a ḃuail siad Doire. le scór 2-9 le 1-7 ós coinne 12,000 ag Baile Ní Ċéirn Dé Doṁnaiġ seo caite.

Don ċéad uair le 13 bliain, ṫáiniġ corn an Doċtúir Uí Lagáin, treasna na Feaḃaile, go ríoċt Ṫírċonaill. Agus ba ṁór an gáirdeaċas a ḃí ar foireann ⁊ tacadóirí ag taḃairt an ċoirn isteaċ go Tírċonaill leo.

Aċ, san am ċéanna, ní raiḃ an foireann ċoṁ éifeaċtaċ nó ċoṁ fuinniúil agus a ḃíoṫar ag súil leo, agus ba ṁór an difir idir an dóiġ ar imir siad agus an dóiġ ar imir siad ag Béal Áṫa na Béiċe tá seaċtain ó ṡin.

Sin is uile, tá an mianaċ iontu le ḋul níos fuide, agus deirimíd arís, naċ ḃfuil anseo aċ an ċéad ċéim ar ḃealaċ na buaiḋe a ḃéarfas go Páirc an Ċrócaiġ iad roiṁ deireaḋ na bliana.

Aċ, tá obair le déanaṁ. Obair ag na roġnóirí agus obair ag an ḃainisteoir foirne. Agus caiṫfear aġaiḋ a ṫaḃairt ar an obair sin gan aon ṁoill. Ḃuailfiḋ siad le Ciarraí Dé Doṁnaiġ seo ċugainn i bPáirc an Ċrócaiġ agus is cluiċe géar a ḃéas ann.

Ar an ċuma a ḃí orṫa in éadan an Dúin, ḃuailfeaḋ siad Ċiarraí. Ar an imṁeaċt a ṫaispeáin siad in éadan Doire, ċaillfiḋ siad.

Caiṫfiḋ siad an cluiċe seo a ḃaint, agus caiṫfear cur ċuige i gceart. Má ḃuaileann siad Ciarraí Dé Doṁnaiġ seo ċugainn, tá sé measarṫa cinte go dtiġ leo an léiġ do ḃaint, agus an turas go Meiriceá a ḟáil díoḃa féin. Fágfaiḋ sin ar ċlár iad mar ceann de na foirne is láidre le dul isteaċ insan Ċraoḃ - ċomórtas 1965.

Ḃí Dún na nGall iontaċ lag ar fad insan ċéad leaṫ den ċluiċe, fríd agus fríd, agus nuair a ḃí deireaḋ leis an ċéad leaṫ, agus iad síos le scór 1-5 in éadan 0-4 do Ḋún na nGall, ba ḃeag dóċas a ḃí ag a gcuid tacadóirí. Aċ, ní raiḃ aċ beagán bomaití den dara leaṫ imiṫe, nuair a ṁúscail Dún na nGall suas, agus ó ṁúscail siad suas ní raiḃ stopaḋ le déanaṁ orṫa.

B'iontaċ mar d'imir siad sa dara leaṫ, agus ṫaispeáin siad go raiḃ an sracaḋ iontu a ḃéarfas ċun buaiḋe iad.

Is maiṫ is fiú ionad ar an ḟoireann Ó hUallaċáin, naċ ndeaċaiġ isteaċ aċ mar ionadaí ar tús, agus ba ċóir é a ċoinneáil ar an ḟoireann.

Carna

Tá roinn micléinn agus ollúna ó rannóg tíreolais de Coláiste Iolscoile Áṫa Cliaṫ, ag fanaċt in Clifden Hotel, le seaċtain, ⁊ iad ag déanaṁ suirḃí tíreolais sóiliaլaċ agus geilleagraċ de na bailte beaga ón Caol Sáile go dtí Cloċ na Rón. Ḃíodar ag déanaṁ stáidéar fé leiṫ de aicmí ar leiṫ agus an geilleagar tuaiṫe de ṫairḃe úsáid an talaṁ, slaċteolais agus lorg dóḃú.

An tseaċtain seo caite, ṫug an long "Modam" cúig ċéad tonna de ḟeaṁainn próiséisiṫe ar bord lena ṫaḃairt go Girḃán, in Albain.

Ḃí daltaí ó meánscoil Ċárna a ḃuaiġ duais na cúige i gcomórtas díospóireaċta, i mBaile Áṫa Cliaṫ fá ċoinne an comórtas idir-ċúige agus ḋein siad go maiṫ ar son Conaċta ansin oíċe Saṫairn.

Tá an Sáirsint M. Needham. Garda Síoċána, An Cloċán, a fuair ardú céime le déanaí, tar-éis imeaċt go Leitir Mór. Sular h-ardaíoḋ go Sáirsint é, ḃí an tUasal Needham ina ċléireaċ in Oifig Ċeannfoirt na nGárdaí, ar an gCloċán. H-aṫraíoḋ an Gárda B. Ó Caṫáin ó Leitir Fraic, le ḃeiṫ mar rúnaí don Ċeannfoirt.

Ḃí aimsir ṡaṁraiḋ ar fud an taoḃ tíre seo le seaċtain anuas, agus tá mórán de obair na feilme déanta anois. agus cuid de na daoine ag baint na móna, agus tuilleaḋ ag déanaṁ ullṁúċán do iascaireaċt na ngliomaċ.

Coṁġáirdeas leis an foireann iontaċ sin — Aisteoirí Loċ Ċonaorṫa. a ḃuaiġ an dara duais i mBaile Áṫa Cliaṫ deireaḋ na seaċtaine seo caite, do scoltaċa na Gaeltaċta. Is maiṫ iad, agus is rí ṁaiṫ ·fuair siad an ċéad duais anuraiḋ. aċ i mbliana ḃuaiġ foireann as Gaoṫ Doḃair orṫa, le an ḃeagán ar fad marcanna. Níṫear coṁġáirdeaċas speisialta le Pádraic 'Ac Donnċada, a léiriġ an dráma.

Ḃí ḃótáil trom fríd ceantar Ċárna Dé Ceadaoine. Ní ḟios go fóill cé ċaoi ar ċuaiġ an ḃótáil, aċ de ḃárr go raiḃ coiṁlint níos mó i mbliana le iarraṫóirí ó'n taoḃ ṫiar den ċondae, ḃí tuairim ag cuid den ṗobal anseo go m'ḟéidir go raiḃ a n-ionadaí féin i mbaol, agus ḃí a ṫoraḋ sin le feiceáil ar an ḃótáil. Ḃí sé níos troime ná ḃí le fada agus fuair Mac Eoċagáin an ṁórán de na ḃótaí anseo.

Gleannḃarr

Ḃí an-ḃrón ar fud paróiste Cill Uí Ġarḃáin nuair a ċonaċtas ar ċuid ṗáipéar nuaċta Baile Áṫa Cliaṫ go raiḃ Eiblín M.. beanċéile an scríḃneora iomráiḋte sin, Seán Deasṁúin Uí Sioraḋáin, marḃ. Ba as Gleannḃarr máṫair Seáin D., agus rugaḋ agus tógaḋ a aṫair coṁgaraċ do Ġleannḃarr. Tá sean-aiṫne ag aċan duine anseo ar Seán D., óir is ioma uair a ċaiṫ sé féin, a ḃean, agus a ċlann a gcuid laeṫe saoire sa ċeantar seo. Ba as Béal Feirste Eiblín. Go ndéanaiḋ Dia grásta uirṫi. Ní raiḃ sí aċ fá ṫuairim dá scóir go leiṫ bliain de aois. Nímíd coṁḃrón le n-a fear céile agus leis an teaglaċ uilig.

Ḃí an t-áḋ ar Úna Ní Ḋuiḋne as Inniscill ar an tseaċtain seo ċaite nuair a ḃain sí duais a' £100 ag an Ḃingo i mBaile na nGallóglaċ. Seo an ċéad uair do ċeann de na duaiseanna móra a teaċt go dtí an taoḃ seo de'n ṗaróiste. Coṁġáirdeaċas a 'Níon Ní Ḋuiḋne.

Tá cota gairḃéal ar an ṗríoṁḃealaċ mór anois agus táṫar ag dréim go mbéiḋ sé faoi ċota tarr gan ṁoill. Fágfaiḋ sin bealaċ mór maiṫ fríd an Gleann go h-iomlán.

Gleanncolmcille

...Tógaḋ moll mór airgid ar bailiúċán Ḟianna Fáil i sráidḃaile an Ċaisil, Gleanncolmcille, maidin Dé Doṁnaiġ seo caite. B'iad na bailiṫeoirí ná Séamas Mac Giolla Easpaig, rúnaí an Ċumainn, agus Seán Mac Niallais, Caṫaoirleaċ, agus Séamas Ó Curráin, Málainn Ḃeag.

Ḃí buaireaṁ fríd an ṗaráiste fá ḃás Ceán Ó Maolḃuaiġ, as Loċar a' Ṫoirc, Gleanncolmcille, i Sasain. Ḃí sé timpeall trí-scóir bliain d'aois, agus ċuaiġ sé go hAlbain timpeall dá scór ḃliain ó ṡoin. D'éag sé i Nottingham, áit a raiḃ sé ag obair ins na mianaiġ. Ṫug sé cuairt na ḃaile timpeall deiċ mbliana ó ṡoin.

Clár Radio

Dé hAoine—5.1, Through The Looking-Glass. 5.30, Songs With Guitar. 5.45, How Does Your Garden Grow. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal On Dochtuir. 6.30, News. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Terry Awhile 8.01, Tops And Tails. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Tuilleadh Sleachta As Mo Sceal. 9.01, Boxing National Championship Finals. 10.00, Nuacht. 10.15, Around The Town. 11.30, News Summary.

Dé Sathairn — 2.40: Rugby:—Ireland v. South Africa. 4.15, After the Match. 5.1, Accordion Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Reacaireacht an Riadaigh. 7.45, Clis Suaracha. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, The R-E-L-O Show. 9.45, Good Evening, Friends! 10.30, Ceili House. 11.0, Light Music from Holland.

Dé Domhnaigh—10, Blessing and Procession of Palms followed by High Mass. 11.30, Signpost and Records. 11.45, Church of Ireland Service of Morning Prayer. 12.45, The Wonderful Lumiere Cinematograph. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall Tonight. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, G.A.A. National League Football Semi-Final: Donegal v. Kerry. Commentary from Croke Park by Michael O'Hehir. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.0, The Angelus. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Soccer Survey. 6.50, Newspoint. 7.10, An Sagairt Linn. 7.15, The Seventeen Club. 7.45, The Ecumenical Spirit. 8.0, The Drone. 9.0, Ataid ar Muintir Saidhbhir. 9.30, Public and Private Faces. 10.0, Gaelic Sports News. 10.30, Music of the Nation. 11.0, Requiem De Gilles.

Dé Luan—5.1, Jimmy Cricket's Plan. 5.15, Songs For Children. 5.30, Macbeth. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, Survey. 8.30, The Vision of a New Earth. 8.45, Modern Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Memories of Franz Lehar. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart — 5.01, Saints You May Not Know. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements: Report on Attested Store Cattle Sales. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, Colm i Sasana. 8.55, Symphony Concert. 10.30, What Is Man? 10.45, Requests from Overseas.

Dé Ceadaoin—5.1, Hugo and Mandigar. 5.15, Records For Children. 5.30, Junior Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements. Cattle Market Report. 6.45, Merry-Go-Round. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Round Table on World Affairs. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, New Music from France. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Ceadaoin an Bhraith. 10.45, Came the Dawn. 11.0, Pop Call.

Deardaoin na Comaoine—5, High Mass and Procession to the Altar of Repose. 6.15, Nuacht. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Ceol Do tSeachtain Mhor. 7.30, Masks. 8.1, Clarinet King. 8.30, Between Ourselves. 9.1, In the Hour of Trial. 9.15, From a Deep Silence. 10.30, Deardaoin na Comaoine. 10.45, Organ Recital. 11.0, Choir. 11.15, Music by Schutz.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.